

An tSraith d'Ábhair Theicneolaíochta

Dúshlán Scoláirí - 30ú Márta



Teicneolaíocht
Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic



Teicneolaíocht an
Adhmaid



Dúshlán Teicneolaíocht Fheidhmeach

Dúshlán 1



Is tasc laethúil é bia a ullmhú agus a chócaráil. Do roinnt daoine, áfach, is tasc deacair atá ann. An bhfuil aon bhealach ann a thioctadh linn an cás a fheabhsú? Dear gaireas nó córas chun cabhrú le duine a gcuid bia a ullmhú, le nó gan chúnadh. Sceitseáil nó léirigh do réitigh dearaidh agus cuimhnigh ar do chuid smaointe a chlárú.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

I gcomhair bealaí suimiúla chun fearais a úsáid le bia a ullmhú cliceáil [anseo](#).

Féach conas a dhearann comhlacht de chuid OXO réimse d'uirlisí cócaireachta [anseo](#).

Dúshlán 2



Aimsigh gaireas rialaitheora i do theach. Smaoinigh ar na gnéithe is maith agus nach maith leat faoi agus tú á úsáid. Conas a dhéanfa níos fearr é? Cad é a chuirfeá leis nó a bhainfeá de agus cén fáth? An féidir leat samhail a dhéanamh de do smaoinemh?

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Déan iniúchadh ar dhearadh saotharlann dearaidh an rialaitheora X-Bhosca [anseo](#).

Déan taighde ar an gcaoi ar chruthaigh Sony a rialaitheoir físchluichí [anseo](#).



Dúshlán Innealtóireachta

Dúshlán 1



Aimsigh fearas sa bhaile nó i do gharraí.

Cad é cuspóir an fhearais?

An bhfuil fearas eile ann a d'fhéadfaí a úsáid ina áit?

Léirigh do thorthaí trí mheáin oiriúnacha.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Mínítear san [fhíseán](#) 6 nóiméad seo innill agus fearais bhunúsacha.

Dúshlán 2



Aimsigh 5 ábhar i do theach nó i do gharraí nach dtiocfaidh meirg orthu.

Ar clúdaíodh na hábhair sin le sraith chosantach nó an bhfuil siad frithchreimneach de nádúr?

Léirigh do thorthaí trí mheáin oiriúnacha.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:


Mínítear san [fhíseán](#) 3 nóiméad seo an creimeadh.

Mínítear san [fhíseán](#) 5 nóiméad seo conas creimeadh a chosc.



Dúshlán Grafaice

Dúshlán 1




Glac pictiúr ó iris nó ó nuachtán agus miondealaigh é ina bhunsolaid gheoiméadracha ar nós ciúbanna, sorcóirí, pirimidí srl.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a sháru:

Taispeánann an [gearrfhíseán](#) seo conas is féidir réada a mhiondealú ina gcruthanna agus ina bhfoirmeacha bunúsacha.



Dúshlán 2



Cruthaigh mionsamhail bhrící de cheann de na réada a tharraing tú le déanaí i do sheomra ranga Grafaice trí 'Thógálaí Brící' ar

www.publishyourdesigns.com

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a sháru:

Tá roinnt gnéithe iontacha mionsamhlaithe le fáil ar Buildyourdesign.com lena n-áirítear feidhmchlár samhaltaithe 3T a ritheann i do bhrabhsálaí agus cruthaitheoir fíorúil leis na dosaenacha de chineálacha píosaí bríce

3D Modeller: <http://www.publishyourdesign.com/modeler>

Brick Builder: <http://www.publishyourdesign.com/design>



Dúshlán Teicneolaíocht Adhmaid

Dúshlán 1



Clliceáil ar na naisc físeáin thíos agus ansin tabhair faoi na tascanna seo a leanas

Cruthaigh mionsamhail chairtchláir de chamán, ag úsáid an mhéid a d'fhoghlaim tú faoin bhfuinseog agus faoi cheird déanta na gcamán ó na físeáin ar bhreathnaigh tú orthu.

Cuir isteach: Méid agus Cruth agus Treo an tSnáithe

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Breathnaigh ar an bhfíseán: [From Ash to Clash: The Art of Hurley Making](#)

Fiosraigh tréithe na fuinseoige ó [Woodland Trust website](#)

Dúshlán 2



Clliceáil ar an nasc físe thíos agus ansin déan an tasc

Dear póstaer Sláinte agus Sábháilteachta do do sheomra ranga chun tábhacht dea-nósanna sláinte a theagasc do scoláirí na chéad bhliana.

Is féidir do phóstaer eolais a chruthú trí réimse leathan meán a úsáid.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Watch the video:

Smaoinigh ar na 5 phríomhnós sábháilte oibre [Safe Working Habits](#)

Múinteoirí Teicneolaíochta ...

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a dhearadh agus a thiomsú i gcomhair múinteoirí a chaithfeadh a bheith ag plé le cianteagasc. Níl i gceist leis na gníomhaíochtaí seo ach moltaí féideartha faoi na tascanna a d'fhéadfadh scoláirí a dhéanamh.

Is cóir gurb í an aithne a bhíonn ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí féin a chuirfeadh bonn eolais faoina gcinneadh i dtaobh na ngníomhaíochtaí is fearr a d'fhóirfeadh dá scoláirí.

Ba mhian linn taispeántas a dhéanamh de fhreagraí na scoláirí ar na dúshláin gach Aoine ar ár leathanach giolcaireachta Jct4

Dá mba mhian leat freagraí do scoláirí a bheith le feiceáil, cuir íomhánna den obair s'acu chuig an seoladh r-phoist Jct4 seo a leanas: michael.lynch@jct.ie



Teicneolaíocht
Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic



Teicneolaíocht an
Adhmaid